# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.

**Ceist 1**

| | | |
|---|---|---|
| | | 32 marc |
| (a) | | |
| (i) | Grianchloichít | 3 |
| (ii) | Aolchloch | 3 |
| (iii) | Eibhear | 3 |
| (b) | | |
| (i) | 100,000 | 3 |
| (ii) | Tionchar amháin ainmnithe agus pointe cur síos bailí amháin tugtha<br>A3 + PB3 = 6 mharc<br><br>I measc na dtionchar a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Cailliúint ioncaim srl. | 6 |
| (iii) | Próiseas bailí ainmnithe = 2m<br>5 Phointe Bailí = 10m<br>Léaráid lipéadaithe (1m sa chás nár cuireadh aon lipéad uirthi) = 2m<br><br>A2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + PB2 + L2 = 14 mharc<br><br>I measc na bpróiseas a d'fhéadfaí a lua tá:<br>gníomhaíocht reo is coscartha (sioc-chaitheamh), síonscealpadh, srl. | 14 |

**Ceist 2**

| | | |
|---|---|---|
| | | 49 marc |
| (a) | | |
| (i) | Monarcha ainmnithe<br><br>Fiú mura ainmnítear monarcha anseo fós féin is féidir marcanna iomlán a bhronnadh air i gcuid (ii). | 3 |
| (ii) | Dhá ionchur 2 + 2<br><br>Dhá phróiseas 2 + 2<br><br>Dhá aschur 2 + 2 | 4<br><br>4<br><br>4 |
| (iii) | Tionscal is féidir a lonnú i líon mór áiteanna éagsúla gan bheith nasctha le tosca táirgeachta. ✓<br><br>Tionscal ar gá dó a bheith lonnaithe gar d'amhábhair thoirtiúla. | 3 |
| (b) | | |
| (i) | Thiar theas | 3 |
| (ii) | Dhá chúis míniúcháin @ 7m an ceann<br>Maidir le gach ceann: cúis ainmnithe, pointe míniúcháin bailí amháin tugtha agus tagairt déanta do phíosa fianaise amháin:<br>(C2 + PB3 + F2) + (C2 + PB3 + F2) = 14 mharc<br><br>I measc na gcúiseanna a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Cóngarach do eastáit tithíochta, rochtain ar bhóithre, spás le leathnú srl.<br><br>Ná glac le háiteanna fiar don mharc fianaise. | 14 |
| (c) | | |
| (i) | Cailliúint post<br><br>Caithfidh an freagra a bheith faoi chailliúint post. | 3 |
| (ii) | Ráiteas bailí | 3 |

(iii) Marcáil tuairisceora rangaithe le haghaidh 8 marc

| | | |
|---|---|---|
| N/B | Mura ndíríonn an freagra ar an gceist in aon chor | 0 marc |
| Dona | Beidh easpa sonraí le sonrú sa cheist chomh maith le gan aon tuiscint léirithe ar an domhandú. | 2 mharc |
| Maith | Beidh roinnt sonraí le sonrú sa cheist ach ní thabharfadh sé cuntas ar conas mar is léir ón gcinneadh go bhfuil cónaí orainn i ndomhan idirnasctha ina bhfuil dlúthbhaint ag gach duine lena chéile. | 5 mharc |
| Sármhaith | Léireofar tuiscint ar dhomhandú agus seans go míneoidh sé go mion gné amháin nó go leor gnéithe inar léir ón gcinneadh go bhfuil cónaí orainn i ndomhan domhandaithe.<br>Ní gá freagra foirfe a thabhairt chun 8 marc a fháil.<br>Má tá sé forbartha go maith is féidir le haon chúis amháin marcanna iomlán a fháil m.sh. iompar, an t-idirlíon srl. Ní gá an dá rud a bheith i gceist | 8 marc |

Ní ceart ach na marcanna liostaithe sa tábla a bhronnadh (0 nó 2 nó 5 nó 8).

Agus marc á roghnú agat léigh an freagra agus déan cinneadh ansin maidir le cad é an tuairisceoir is fearr a oireann dó. Bronn an marc a bhaineann leis an tuairisceoir sin.

**Ceist 3**

| | | |
|---|---|---|
| | | 44 mharc |
| (a) | | |
| (i) | Is fiú 2m gach freagra<br>Ceann tíre — 2 (tugtha sa cheist)<br>Staca farraige — **3**<br>Trá — **1**<br>Aill — **5**<br>Cuan — **4** | <br><br>2<br>2<br>2<br>2 |
| (ii) | Cúis amháin ainmnithe agus pointe cur síos bailí amháin tugtha<br>A3 + PB3 = 6 mharc<br><br>I measc na gcúiseanna a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Gar do thrá, radharcanna áille ann | 6 |
| (iii) | Ceithre phointe míniúcháin atá bailí<br><br>PB3 + PB2 + PB2 + PB2 = 9 marc<br><br>Is féidir léaráid lipéadaithe ábhartha a áireamh mar PB amháin nó í a chur le chéile le heolas sa fhreagra scríofa chun pointe bailí iomlán amháin a dhéanamh. | 9 |
| (b) | | |
| (i) | Maidir le gach ceann de na ceithre nithe:<br>Léiriú = 1m<br>Lipéad = 1m<br><br>Murar léiríodh an ní i gceart is ceadmhach an marc lipéadaithe a bhronnadh, ní foláir cruinneas measartha a bheith le sonrú chun an marc léirithe a bhronnadh<br>Mura bhfuil an ní léirithe, ná bronn an marc lipéadaithe.<br>Má tá sé léirithe ach gan é a bheith lipéadaithe i slí ar bith ní féidir an marc léirithe a bhronnadh. | 8 |
| (ii) | 4.5 km | 5 |
| (iii) | Dhá fheidhm bhailí ainmnithe @ 2m an ceann, dhá phíosa fianaise bailí ar an bhfeidhm ainmnithe @ 2m an ceann.<br><br>Mar shampla: Cosaint (A2) - caisleán (F2)<br>Áineas (A2) - galfchúrsa (F2)<br>Modh iompair (A2) - stáisiún traenach (F2)<br>Oideachas (A2) - scoil (F2) srl.<br><br>Mura dtugtar ach feidhm bhailí is féidir 2 mharc a bhronnadh.<br>Má tá an fheidhm ainmnithe i gceart ach má thugtar fianaise mhícheart bronn 2m le haghaidh an ainmnithe agus bronn 0m le haghaidh fianaise. | 8 |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá sé ceart go leor glacadh leis má thugtar tagairt eangaí mar fhianaise 4 fhigiúr nó 6 fhigiúr<br>Más fianaise amháin a thugtar agus gan aon fheidhm tugtha leis ní foláir 0m a bhronnadh sa chás sin. | |

**Ceist 4**

| | | |
|---|---|---|
| | | 38 marc |
| (a) | | |
| (i) | Bréagach | 3 |
| (ii) | Bréagach | 3 |
| (iii) | Fíor | 3 |
| (iv) | Bréagach | 3 |
| (b) | | |
| (i) | Éire | 3 |
| (ii) | ($SAM) 1,238<br><br>Níl gá aonad a thabhairt | 3 |
| (iii) | 25.6 (in aghaidh an 1,000)<br><br>Ní gá an t-aonad in aghaidh an 1,000 a thabhairt chun marcanna iomlána a fháil. | 5 |
| (c) | | |
| (i) | 130 | 3 |
| (ii) | Cabhair forbartha | 3 |
| (iii) | 4 phointe bailí @ PB3 + PB2 + PB2 + PB2 = 9 marc<br><br>Má fhreagraítear an dá cheann, déan an dá cheann a mharcáil agus bronn ar an gceann is airde ansin. | 9 |

**Ceist 5**

| | | |
|---|---|---|
| | | 33 mharc |
| (a) | | |
| (i) | Gach téarma curtha isteach i gceart @ 2m an ceann<br><br>Tá an t-ord mar seo a leanas:<br>Húmas = tugtha sa cheist<br>**Barrithir** = 2m<br>**Fo-ithir** = 2m<br>**Buncharraig** = 2m | 6 |
| (ii) | Cineál ithreach bailí ainmnithe.<br><br>I measc na samplaí a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Ithir dhonn, gléireach, podsal srl. | 3 |
| (b) | | |
| (i) | Buaircíneach | 3 |
| (ii) | Feirmeoireacht / barra a fhás / iascaireacht / srl. | 3 |
| (iii) | Tagairt do thírdhreach fisiciúil agus trí phointe míniúcháin bailí faoi conas mar a théann tagairt do thírdhreach fisiciúil i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla<br>T3 + PB2 + PB2 + PB2<br><br>I measc na dtagairt don tírdhreach fisiciúil a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Talamh cothrom, abhainn in aice láimhe, airde íseal, srl.<br><br>**Ní** gá fianaise ón léarscáil/grianghraf sa fhreagra seo chun marcanna iomlána a fháil.<br>Ní gá an ghníomhaíocht a ainmniú chun marcanna iomlána a fháil. | 9 |
| (iv) | Tionchar ainmnithe agus trí phointe míniúcháin bailí<br>A3 + PB2 + PB2 + PB2 = 9 marc<br><br>I measc na dtionchar a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Athrú aeráide, méadú ar $CO_2$, gnáthóga ainmhithe a scrios srl.<br><br>Is féidir sampla a chur le píosa míniúcháin chun pointe bailí a bhronnadh. | 9 |

**Ceist 6**

| | | |
|---|---|---|
| | | 32 marc |
| (a) | | |
| (i) | 70 (%) | 3 |
| (ii) | Gual<br>Móin | 3<br>3 |
| (iii) | Míniú iomlán 4 mharc<br>Páirtmhíniú le haghaidh 2 mharc | 4 |
| (b) | | |
| (i) | 25,000 | 3 |
| (ii) | 7 km2 | 4 |
| (iii) | S 223/4, 698/9<br><br>Sa chás nach luaitear foroinn bronn 2m | 4 |
| (iv) | Argóint ainmnithe agus trí phointe míniúcháin bailí<br>Arg2 + PB2 + PB2 + PB2 = 8 marc<br><br>I measc na samplaí i bhfabhar a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Soláthraíonn sé poist, fuinneamh glan srl.<br><br>I measc na samplaí ina choinne a d'fhéadfaí a lua tá:<br>amharcthruailliú, cur isteach ar an bhfiadhúlra áitiúil srl. | 8 |

**Ceist 7**

| | | |
|---|---|---|
| | | 27 marc |
| (a) | | |
| (i) | Cúrsa íochtair | 3 |
| (ii) | Gné amháin baillí ainmnithe.<br><br>Glac le lúb, lúbloch, leibhé, tuilemhá. | 3 |
| (iii) | Dhá chúis mínithe @ 6m an ceann<br>I gcás gach cúise:<br>Cúis ainmnithe agus trí phointe míniúcháin bailí tugtha<br>(C2 + PB2 + PB2) + (C2 + PB2 + PB2) = 12 mharc<br><br>I measc samplaí de na gcúiseanna a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Pointe droicheadaithe, modhanna iompair, óltar uisce aisti srl. | 12 |
| (b) | | |
| (i) | Ainm baile nó cathrach | 3 |
| (ii) | Éifeacht dhiúltach ainmnithe agus dhá phointe míniúcháin bailí tugtha<br>A2 + PB2 + PB2 = 6 mharc<br><br>I measc na samplaí a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Meath uirbeach, sraoilleáil uirbeach, plódú tráchta srl.<br><br>Mura ainmnítear baile ar bith i (i) nó aon áit i (ii) ní ceadmhach ach marcanna ainmnithe a bhronnadh. | 6 |

**Ceist 8**

| | | |
|---|---|---|
| | | 49 marc |
| (a) | | |
| (i) | Pláta na hEoráise | 3 |
| (ii) | Screamh | 3 |
| (iii) | Dhá phláta bailí ainmnithe @ 6 mharc | 6 |
| (iv) | Dhá thírghné bhailí @ 3m an ceann<br><br>Mar shampla, bolcán, droim lár-aigéin, crith talún srl. | 6 |
| (b) | | |
| (i) | Sliabhraon bailí lasmuigh d'Éirinn<br><br>I measc na samplaí a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Na hAlpa, Na hAindéis, na Sléibhte Pennine srl. | 3 |
| (ii) | Gach ní léirithe i gceart agus lipéadaithe ar léaráid le haghaidh 8m san iomlán<br>Léiriú = 1m<br>Lipéadaithe = 1m | 8 |
| (c) | | |
| (i) | Trí ní tarraingthe i gceart ar an gcairt @ 2/1/0 marc | 6 |
| (ii) | 9.1 | 3 |
| (iii) | Seismeagraf / seisiméadar | 3 |
| (iv) | Bealach chun an tionchar ainmnithe a laghdú agus dhá phointe bailí<br>A3 + PB3 + PB2 = 8 marc<br><br>I measc na samplaí a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Maolairí turrainge sa dúshraith, ábhair tógála tine-dhíonach a úsáid srl. | 8 |

**Ceist 9**

| | | |
|---|---|---|
| | | 56 marc |
| (a) | | |
| (i) | Gach íomhá lipéadaithe i gceart @ 3m an ceann<br>Eite ghaoithe/aimsire = **C**<br>Taifeadán Campbell-Stokes = **B**<br>Méadar báistí = **D**<br>Ainéimiméadar = **A** | 12 |
| (ii) | Bréagach | 3 |
| (iii) | Cúis ainmnithe<br>Dhá phointe míniúchán bailí<br>C2 + PB2 + PB2 = 6 mharc<br><br>I measc na gcúiseanna a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Gnáthghaoth aniar aneas, in aice leis an aigéan, tírdhreach sléibhtiúil srl. | 6 |
| (b) | | |
| (i) | 185-240 km san uair<br><br>(Má tá an uimhir i gceart ach gan aon aonad luaite leis bronn 1m sa chás sin) | 3 |
| (ii) | Siar | 3 |
| (iii) | Aon tarlú aimsire atá bailí | 3 |
| (iv) | Trí iarmhairt liostaithe @ 3m an ceann<br><br>I measc iarmhairtí tarlaithe shuntasaigh a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Bhí na bóithre dúnta / b'éigean do scoileanna múineadh a dhéanamh go cianda / Gortaíodh daoine / tharla gearradh cumhachta srl. | 9 |
| (c) | | |
| (i) | Gach toisc bhrú ciorclaithe le haghaidh 3m an ceann<br><br>Deiseanna fostaíochta — Siopaí agus seirbhísí in aice láimhe — **Géarleanúint** (ciorclaithe)<br>**Dífhostaíocht** (ciorclaithe) — **Gorta** (ciorclaithe) — Scoileanna maithe | 9 |
| (ii) | Tionchar amháin ainmnithe agus trí phointe plé bailí<br>A2 + PB2 + PB2 + PB2 = 8 marc<br><br>I measc na dtionchar a d'fhéadfaí a lua tá:<br>Talamh feirme tréigthe, imirce daoine oilte, dúnadh siopaí srl. | 8 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## *Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an gnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 - 320 | 12 |
| 321 - 323 | 11 |
| 324 - 326 | 10 |
| 327 - 330 | 9 |
| 331 - 333 | 8 |
| 334 - 336 | 7 |
| 337 - 340 | 6 |
| 341 - 343 | 5 |
| 344 - 346 | 4 |
| 347 - 350 | 3 |
| 351 - 353 | 2 |
| 354 - 356 | 1 |
| 357 - 360 | 0 |
| | |